

Treoiríníte chun an Fhoirm Uiríoll a chomhlánú

Tugtar treoir sa cháipéis seo maidir le Foirm Uiríoll a chomhlánú. Ba cheart duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula gcuirfidh tú Uiríoll faoinár mbráid.

Sula ndéanfaidh tú d'uiríoll - Fíorú ar na gnéithe fisiceacha a bhaineann le do Luacháil

Is gá duit a fhíorú cé acu de na sonraí i dtaobh nádúr fisiceach do mhaoine atá cruinn sula dtéann tú ar aghaidh le huiríoll a dhéanamh.

- Ní mór duit eolas a chur ar bhriseadh síos do luachála a chuirtear fáil le do Dheimhniú Beartaithe.
- Ní mór duit a dheimhniú cé na gnéithe fisiceacha atá cruinn ceart trí thic a chur sna boscaí ábhartha.
- Más tá aon cheann de na gnéithe sin míchruinn, ní mór duit Cuid 1 den Fhoirm 'Tá an Luacháil míchruinn de réir "gnéithe fisiceacha" na maoine' a chomhlánú agus tugtar treoir thíos.
- Bí cinnte go dtuigeann tú má tá aon ghnéithe de do chuid maoine nach bhfuil eolas orthu sa bhriseadh síos ar an luacháil, is gá duit na gnéithe sin a chur san áireamh i do mheas ar an luach i gCuid 5 den Fhoirm.

Forais a bhféadfadh Uiríll a bheith ann dá mbarr (Alt 1 – 7 den Fhoirm)

1. Tá an Luacháil míchruinn de réir "Gnéithe Fisiceacha" na maoine.

Is nithe iad "Gnéithe Fisiceacha" a bhaineann le tréithe fisiceacha na maoine; mar shampla, méid na maoine, an áit a bhfuil sé laistigh d'fhoirgneamh, an líon spásanna cairr etc.

Tá fo-rannta san áireamh anseo freisin, i.e. áit ar cheart maoine a roinnt chun é a chur in oiriúint d'áititheoirí iolracha nó cónaschtaí iolracha i.e. sa chás gur cheart dhá mhaoine nó níos mó a ghrúpáil le chéile faoi aon áititheoir amháin. Má tá an Foras seo (Cuid 1) roghnaithe agat, is gá duit tic a chur i gceann amháin nó níos mó de na 5 bhosca, ag sonrú cé na gnéithe atá míchruinn.

Caithfear fianaise thacaíochta a chur ar fáil i gcruth pleananna toiseacha urláir agus sceideal achar urláir, cóipeanna de léasanna/comhaontuithe ligean ar cíos/ceadúnais nó aon fhianaise cháipéisíochta eile a mheastar atá ábhartha. Ba cheart iad sin a chur san áireamh leis an aighneacht, agus caithfear iad a fháil roimh an spriocdháta reachtúil agus **ní mór Uimhir na Maoine a bheith ina dteannta.**

2. Tá an Luacháil míchruinn de réir Cíos Bliantúil na Maoine a bhaineann le hÁbhar

Má mheasann tú go bhfuil luacháil do mhaoine míchruinn i bhfianaise Cíos Bliantúil na maoine, ba cheart duit tic a chur sa bhosca sin agus an fhianaise thacaíochta a chur ar aghaidh chuig an Oifig Luachála. Ba cheart duit a rá chomh maith conas a thacaíonn an fhianaise seo le do mheas ar an luach.

Féadfaidh tú do chuid sonraí léasa a thabhairt ar an **bhfoirm Achoimre Léasa (ar fáil ón Oifig Luachála)**. Nó sin, féadfaidh tú cóip de do léas, do cheadúnas nó do chomhaontú cíosa a leagan isteach, chomh maith le haon "litreacha cumhdaigh", nó sonraí aon chomhaontaithe neamhfhoirmeálta. Is féidir tagairt dóibh sin sa téacs agus a chur san áireamh leis an bhfoirm, agus caithfear iad a fháil roimh an spriocdháta reachtúil agus **ní mór Uimhir na Maoine a bheith ina dteannta.**

3. Tá an Luacháil míchruinn de réir Cíos Bliantúil Maoine Inchomparáide

Má mheasann tú go bhfuil luacháil do chuid maoine míchruinne i bhfianaise cíos bliantúil maoine eile a bhfuil eolas agat uirthi agus ar dóigh leat í a bheith inchomparáide le do chuid maoine féin, ba cheart duit tic a chur sa bhosca agus achoimre a thabhairt ar an bhfianaise air sin sa Chuid seo den fhoirm agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil. Ba cheart duit a rá conas a thacaíonn an fhianaise seo le do mheas ar an luach.

Fianaise thacaíochta: Soláthraigh Uimhir Maoine na hOifige Luachála (más eol duit í) agus seoltaí maoine inchomparáide, mar aon le cíos bliantúil na maoine inchomparáide seo agus an dáta ar socraíodh an cíos. Féadfaidh gníomhairí an **foirm Achoimre Léasa (ar fáil ón Oifig Luachála)** a leagan isteach.

4. Tá an Luacháil míchruinn ag féachaint do na Cuntais Iniúchta agus/nó Sonraí Trádála

(Ní bhaineann an chuid seo ach leis na cineálacha maoine seo a leanas: Tithe Tábhairne, Clubanna Oíche, Óstáin, Tithe Aíochta, Brúnna, Stáisiúin Pheitрил, Tithe Altranaís, Pictiúrlanna, Stáisiúin Ola, Feirmeacha Gaoithe, Ionaid Champála, Páirceanna Carbhán, Staidiamáí, Rásraonta, Carrchlóis, Cairéil agus Calafóirt)

Más áititheoir ceann de na catagóirí maoine thuas thú agus má mheasann tú go bhfuil luacháil do chuid maoine míchruinn, ag féachaint do Chuntais Iniúchta agus sonraí Trádála na maoine sin, ba cheart duit achoimre a thabhairt ar an bhfianaise sin sa Chuid seo den fhoirm agus an cháipéisíocht tacaíochta a chur ar aghaidh faoi mar a shonraítear thíos. Abair conas a thacaíonn an fhianaise seo le do mheas ar an luach.

Fianaise Thacaíochta i gcás Tithe Tábhairne Más áititheoir Tí Tábhairne thú, ní mór duit an [fhoirm maidir le Luacháil Áitreabh Ceadúnaithe \(ar fáil ón Oifig Luachála\)](#), a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chun go mbeidh d'uiríoll bailí, mura bhfuil sin déanta agat cheana.

Achoimre tugtha ar fhianaise thacaíochta do gach *maoin eile* sa Chuid seo: Tá sonraí iomlána an eolais tacaíochta a theastaíonn ar fáil ar ár láithreán gréasáin. D'fhonn is go mbeidh d'uiríoll bailí, ní mór duit an t-eolas riachtanach a sheoladh isteach chugainn mura bhfuil sin déanta cheana agat. Féadfaidh tú tagairt do na cáipéisí sin sa Chuid seo, ach caithfear na cáipéisí a bheith faighte taobh istigh den spriocdháta reachtúil agus **ní mór Uimhir na Maoine a bheith ina dteannta.**

5. Meas ar Luach

Tabhair ar aird: Má tá forais roghnaithe agat faoi Chuid 1 - 4, is gá duit an chuid seo a chomhlánú.

Abair cén luacháil a mheasann tú ba cheart a bheith ann agus mínigh conas a ríomh tú í. Ba chóir duit tagairt do bhonn na luachála atá iniata le do Dheimhniú Luachála Beartaithe. Ba cheart duit é seo a chur san áireamh i do chuid ríomha. Ba cheart do mheas ar an luach a chur ar fáil sa leagan amach céanna agus atá le feiceáil ar do Dheimhniú Luachála Beartaithe.

6. Níor cheart go mbeadh an mhaoin Inráitithe

Féach ar Sceideal 4 den Acht Luachála, 2001, arna leasú, do liosta mionsonraithe de na cineálacha maoine nach bhfuil inráitithe. Má tá tú ag lorg díolúine faoi Sceideal 4, cuir tic sa bhosca agus tabhair sonraí na díolúine sin sa chuid seo agus cuir fianaise thacaíochta ar fáil. Má tá tú ag lorg díolúine faoi mhír 16 nó 17 de Sceideal 4, ba cheart duit Meamram agus Airteagail Chomhlachais, Gníomhas Iontaobhais nó aon cháipéis ábhartha eile a sheoladh isteach chugainn. Maidir le héilimh dhíolúine a bhaineann le haon chuid eile de Sceideal 4, ba cheart an fhianaise cháipéisíochta a mheasann tú a bheith ábhartha a sheoladh chuig an Oifig Luachála taobh istigh den spriocdháta reachtúil.

7. Tá sonraí eile ar an Deimhniú míchruinn

Tagraíonn sé seo do shonraí eile atá sa Deimhniú Luachála Beartaithe a cheartú. D'fhéadfadh Catagóir Maoine agus Úsáid Maoine, Ainm an Áititheora, an tAinm Trádála agus Seoladh na Maoine a bheith i gceist anseo. Má tá an Foras seo (Cuid 7) roghnaithe agat, is gá duit tic a chur i gceann amháin nó níos mó de na 5 bhosca, ag sonrú céard atá míchruinn agus an t-eolas cruinn a chur ar fáil.

Cáipéisíocht Tacaíochta

Faoin gcuid seo, is gá don Áititheoir nó dá g(h)níomhaire a dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cáipéisíocht thacaíochta bhreise curtha lena n-uiríoll acu. Caithfear na cáipéisí seo a fháil taobh istigh den spriocdháta reachtúil agus **ní mór Uimhir na Maoine a bheith ina dteannta.**

Dearbhú

Faoin gcuid seo, is gá don Áititheoir nó dá g(h)níomhaire a dheimhniú go bhfuil an t-eolas atá san uiríoll cruinn agus caithfear é a chomhlánú agus a shíniú i ngach cás.

An fhoirm a sheoladh isteach

Caithfear bunfhoirmeacha agus aon cháipéisíocht thacaíochta a sheoladh sa phost sa chlúdach litreach iniata ar an spriocdháta atá luaite ar do Dheimhniú Luachála Beartaithe nó roimh an spriocdháta sin. Ní ghlacfar le fótachóipeanna, facs ná le foirmeacha a sheolfar ar ríomhphost.